AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2020
COM(2020) 320 final

2020/0141 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2008/376/CE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo Cinneadh 2008/376/CE[1] ón gComhairle a leasú chun é a ailíniú le "cuspóirí eolaíocha, teicneolaíocha agus polaitiúla an Chomhphobail" de réir Airteagal 2 de Chinneadh 2008/376/CE ón gComhairle é féin. Go sonrach, is é cuspóir an togra seo athbhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí taighde maidir le gual agus cruach atá ag Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ("Clár Taighde RFCS"). Cuireadh san áireamh sa togra moltaí atá i dtuarascáil faireacháin agus mheasúnaithe RFCS (2011-2017)[2] chomh maith le comhairle na nGrúpaí Comhairleacha um Ghual agus Cruach[3] agus comhairle na mBallstát a ndéantar ionadaíocht orthu sa Choiste um Ghual agus Cruach[4].
Dírítear le togra an Choimisiúin ar Chlár Taighde RFCS a chur i gcomhréir le Comhaontú Pháras[5], an Comhaontú Glas don Eoraip[6], Teachtaireachtaí an Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe[7], an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Geilleagar Ciorclach Nua[8], agus an Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip ón gCoimisiún[9].

Tá sé d'aidhm ag an togra:

- Na cuspóirí taighde maidir le gual a nuashonrú i gcomhréir le spriocanna aeráide, fuinnimh agus comhshaoil an Choimisiúin. Tá sé d'aidhm aige freisin neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050 agus prionsabal na neamhdhíobhála a bhaint amach, prionsabal atá cumhdaithe sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas.
- Tacú le haistriú cóir agus cothrom do réigiúin ghuail i gcomhréir le prionsabail an tSásra um Aistriú Cóir.
- Na cuspóirí taighde maidir le gual a nuashonrú chun tús áite a thabhairt do theicneolaíochtaí déanta cruach, cinéalacha cur i bhfeidhm agus úsáid atá beagnach saor ó charbón.

---

1 Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).

2 Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/publications/research-fund-coal-and-steel-monitoring-and-assessment-report_en

3 Chuir an Grúpa Comhairleach um Ghual agus an Grúpa Comhairleach um Chruach a dtuairimí in iúl an 3 agus an 4 Nollaig 2019 faoi seach. Tá faisnéis ar fáil sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupMeeting&meetingId=18626

4 D'fhormhuin an Coiste um Ghual agus Cruach an cur chuige atá beartaithe an 19 Nollaig 2019.

5 Conradh Iltaobhach, Caibidil XXVII An Comhshaol, 7.d Comhaontú Pháras. Arna theacht i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "An Comhaontú Glas don Eoraip", An Bhruiséil, 11 Nollaig 2019, COM(2019) 640.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Plean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe. Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip" An Bhruiséil, 14 Eanáir 2020, COM(2020) 21.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Plean Gníomhaíochta le haghaidh Geilleagar Ciorclach Nua", An Bhruiséil, 11 Márta 2020, COM(2020) 98.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip", An Bhruiséil, 10 Márta 2020, COM(2020) 102.

- Foráil don fhéidearthacht cuid de Chlár Taighde RFCS (an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach) a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha comhchláraithe.
- Na rialacha ginearálta maidir le saineolaithe seachtracha íoctha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais a chur in ionad córais speisialta do shaineolaithe atá ann faoin gClár Réime um Thaighde[10].
- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra mar chuid de phacáiste dlíthiúil lena ndéantar athbhreithniú ar Chlár Taighde RFCS. Go háirithe, tá sé nasctha leis na tograí ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Chinneadh 2003/76/CE ón gComhairle[11] lena mbunaítear na bearta is gá chun Prótacal (Uimh. 37)[12] a chur chun feidhme agus ar Chinneadh 2003/77/CE ón gComhairle[13] lena leagtar síos na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le bainistiú shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) agus é faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, bainistiú shócmhainní RFCS. Tá an t-athbhreithniú ar Chinneadh 2003/77/CE, faoi fhreagracht Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, comhsheasmhach freisin le hAthbhreithniú 2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le foirceannadh CEGC[14].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An 11 Nollaig 2019, ghlac an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht dar teideal "An Comhaontú Glas don Eoraip"[15] lena socraítear an creat chun an tAontas a athrú ó bhonn chun go mbeidh sé ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip téitear i ngleic leis na dúshláin aeráide agus chomhshaoil agus forbraítear ag an am céanna geilleagar nua-aimseartha iomaíoch tíosach ar acmhainní, faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe[16].

Sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas cuirtear i dtábhacht an spéis atá ag an gCoimisiún "tacú le teicneolaíochtaí ceannródaíocha um chruach ghlan as a n-eascróidh próiseas déanta cruach saor ó charbón faoi 2030 agus (…) féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as cuid den chistiú atá á leachtú faoin gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Ar bhonn níos leithne, cuideoidh an Ciste don Nuálaíocht le haghaidh Scéim an Aontais

---

10 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

11 Cinneadh 2003/76/CE ón gComhairle an 01 Feabhra 2003 lena mbunaítear na bearta is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, an Prótacal a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, IO L 29, 5.2.2003. Arna leasú le Cinneadh 2018/599 ón gComhairle an 16 Aibreán 2018.

12 Prótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach , IO L 115, 9.5.2008, lch. 327–328.

13 Cinneadh 2003/77/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003 lena leagtar síos na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bainistiú shócmhainní CEGC agus é faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, bainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, IO L 29, 5.2.2003, lch 25–27. Arna leasú le Cinneadh 2008/750/CE ón gComhairle.

14 Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, "Athbhreithniú Uimh. 10/2019: An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach: tá foirceannadh ag dul ar aghaidh de réir mar a bheartaítear, ach níl cistiú le haghaidh taighde inbhuanaithe a thuilleadh" 2019. Ar fáil ar: https://www.eca.europa.eu/lists/ecadocuments/rw19_10/rw_ecsc_en.pdf

15 COM(2019) 640

16 https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld

Eorpaigh i ndáil le Trádáil Astaíochtaí le mórthionscnaimh nuálaíochta den chineál sin a shlógadh”[17].

Thairis sin, leis an Teachtaireacht dar teideal “Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Plean Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe”, a tíolacadh an 14 Eanáir 2020, gealladh go ndéanfadh an Coimisiún “athbhreithniú a mholadh ar na Rialacháin maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach ionas go bhféadfar úsáid a bhaint as cuid de shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach atá faoi leachtú. Ceadófar leis sin Clár Taighde bliantúil RFCS[18] EUR 40 milliún ar a laghad a choinneáil ar bun, agus fágfar go mbeifear in ann mórthionscadail cheannródaíocha taighde agus nuálaíochta maidir le déanamh cruach glaine a chistiú. Díreofar le gníomhaíochtaí taighde in earnáil an ghuail ar réigiúin atá i mbun aistrithe i gcomhréir le prionsabail an tSásra um Aistriú Cóir”[19].

Tá an togra seo i gcomhréir freisin le Teachtaireacht 2018 dar teideal “Pláinéad Glan do Chách”[20], lena leagtar amach fís straitéiseach fhadtéarmach an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh geilleagar neodrach ó thaobh na haeráide de, i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Leis an Teachtaireacht sin beartaíodh go bhfiosródh an Coimisiún conas ab fhéidir sócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach atá faoi leachtú a úsáid chun tacú le teicneolaíochtaí ceannródaíocha lena ndéantar cruach ísealcharbóin. Ghlac an Coimisiún an 4 Márta 2020 togra maidir le Dlí Aeráide Eorpach, lena n-áirítear sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de astaíochtaí glan-nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 san Aontas[21].

Tugtar san áireamh san athbhreithniú sin freisin an gá atá le hinfheistíocht phríobháideach agus phoiblí a chothú i leith taighde, nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua lena bhforbraítear réitigh le haghaidh tionscal níos iomaíche agus níos inbhuanaithe, mar a cuireadh i dtábhacht go láidir i dTeachtaireacht 2016 ón gCoimisiún dar teideal “Cruach: Poist agus fás inbhuanaithe a chaomhnú san Eoraip”[22].

I bhfianaise na forbartha beartais thuas, tá sé riachtanach cuspóirí an Chláir Taighde RFCS agus a threoirlínte teicniúla ilbhliantúla a chomhchuibhiú leis na forbairtí beartais thuas, agus go háirithe le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí an dara mír d’Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis na Conarthaí.

---

17 COM(2019) 640, lch. 8, 9.

18 Prótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a urramú. IO C 115, 9.5.2008, lch. 327-328.

19 COM(2020) 21, lch. 18.

20 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, “Pláinéad Glan do Chách. Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach a bhaint amach”, COM(2018) 773.

21 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)

22 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal “Steel: Preserving sustainable jobs and growth in Europe” [*Cruach: Poist agus fás inbhuanaithe a chaomhnú san Eoraip*], COM(2016)155.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir na leasuithe ar Chlár Taighde RFCS atá beartaithe a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais, tríd an mbunús dlí a athbhreithniú.

- **Comhréireacht**

Tá an togra riachtanach chun go mbunófar na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme an Phrótacail, atá i gceangal le Conarthaí an Aontais, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach.

- **An rogha ionstraime**

Ag féachaint don dara mír d'Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 37), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle a leasú.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí ón tuarascáil seacht mbliana, ina ndéantar cleachtadh faireacháin ar Chlár Taighde RFCS, lena n-áirítear measúnú ar na tairbhí ionchasacha, le cúnamh ó phainéal saineolaithe cáilithe[23]. Foilsíodh an tuarascáil seacht mbliana is déanaí an 5 Feabhra 2020[24]. Rinne na saineolaithe anailís ar fheidhmiú an Chláir Taighde RFCS, rinne siad measúnú ar na forbairtí teicneolaíocha agus ar thairbhí ionchasacha an chláir don earnáil agus don tsochaí, agus dhréachtaigh siad moltaí maidir le feabhas a chur an gclár, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mbunús dlí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí páirtithe leasmhara RFCS páirteach i roinnt cruinnithe ad-hoc, cruinnithe de chuid Grúpaí Comhairleacha ar leith (An Grúpa Comhairleach um Ghual - CAG, An Grúpa Comhairleach um Chruach - SAG), agus cruinnithe de chuid an Choiste um Ghual agus Cruach (comhionann le Coiste an Chláir i bhFís 2020).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Léiríodh réamhthorthaí na tuarascála faireacháin agus measúnaithe reatha ar RFSC sa seimineár dar teideal "Cruach agus Gual: Peirspictíocht Nua. Taighde agus Nuálaíocht Eorpach i mbun Gníomhaíochta" a d'óstáil an Coimisiún Eorpach an 28 Márta 2019 agus a raibh breis agus 100 páirtí leasmhar i láthair ann[25].

---

[23] Foráiltear don tuarascáil faireachán agus mheasúnaithe sna forálacha a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 2008/376/CE ón gComhairle arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an 20 Bealtaine 2008 tag. IO L 130/7 agus arna leasú le Cinneadh 2017/955 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017. Foráiltear don ghrúpa saineolaithe sin in C(2018) 3245 an 30.5.2018 - Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 30.5.2018.

[24] Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/publications/research-fund-coal-and-steel-monitoring-and-assessment-report_en

[25] AS RTD sa Choimisiún Eorpach, "Cruach agus Gual: Taighde agus Nuálaíocht Eorpach i mbun Gníomhaíochta", 2019. Ar fáil ar líne: https://publications.europa.eu/s/mmQ7

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh maidir leis an togra atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí na tuarascála seacht mbliana maidir le faireachán agus measúnú RFCS, ina bhforáiltear d'athbhreithniú rialta ar Chlár Taighde RFCS, lena n-áirítear measúnú ar na tairbhí ionchasacha.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra ag teacht le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chruthaítear leis an togra aon dliteanas nua a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta faoin CAI reatha.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme chlár RFCS in 2027.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an t-athbhreithniú leis na forálacha atá i gCaibidil II, Ranna 1, 3 agus 4 de Chinneadh 2008/376/CE ón gComhairle (Airteagal 2 agus Airteagail 4 – 10). Ina theannta sin tá beartaithe mar chuid den athbhreithniú nuashonrú a dhéanamh ar Airteagail 28, 39 agus 41. Ar deireadh, tá sé beartaithe Airteagal 17a nua a chur isteach i measc na ngníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2.

Tá an t-athbhreithniú ceaptha:

- na cuspóirí taighde maidir le gual (Airteagail 4, 5, 6, 7) a nuashonrú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Sásra um Aistriú Cóir;
- na cuspóirí taighde maidir le cruach (Airteagail 8, 9, 10, agus 10a) a nuashonrú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe;
- Airteagal 17a nua a chur isteach i measc gníomhaíochtaí incháilithe an Chláir Taighde RFCS chun ghníomhaíochtaí taighde faoi chomhpháirtíochtaí comhcháraithe Eorpacha a chur san áireamh i measc na ngníomhaíochtaí inchistithe. D'fhéadfadh comhpháirtíochtaí den chineál sin tacú go háirithe le taighde in earnáil na cruach trí phróisis táirgthe cruach beagnach saor ó charbón a fhorbairt faoi 2030, agus trí léiritheoirí ar na teicneolaíochtaí sin a mhéadú ó thaobh scála de ar an leibhéal tionsclaíoch;
- aisghairm a dhéanamh ar thagairt don chomhairliúchán leis an gCoiste (Airteagal 28 agus Airteagal 41) i gcás inarb ionann méid measta ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh faoi Chlár Taighde RFCS agus EUR 0,6 milliún nó inar mó ná sin é;

- na rialacha ginearálta maidir le saineolaithe seachtracha a íoctar a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais a dhéanamh infheidhme, in ionad córais speisialta do shaineolaithe faoin gClár Réime um Thaighde;
- aisghairm a dhéanamh ar an bhféidearthacht Ranna 3 agus 4 de Chaibidil II a leasú trí bhearta a chur chun feidhme (Airteagal 41), chun na prionsabail a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis* is infheidhme maidir le cumhachtuithe arna dtabhairt i ngníomhartha reachtacha agus a leagtar amach i gComhaontú Idirinstitiúideach an 18 Meitheamh 2019 maidir le critéir neamhcheangailteacha i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[26].

[26] Critéir Neamhcheangailteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh — 18 Meitheamh 2019 (IO C 223, 3.7.2019, lch. 1–4).

2020/0141 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2008/376/CE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Phrótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 2 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[27],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 5 Deireadh Fómhair 2016, dhaingnigh an tAontas Comhaontú Pháras[28]. Iarrtar leis an gcomhaontú idirnáisiúnta sin ar pháirtithe a bhfuil sé daingnithe acu treisiú leis an bhfreagairt dhomhanda ar bhagairt an athraithe aeráide tríd an teorainn a chur le hardú teochta domhanda go mbeidh sé go maith faoi bhun 2 °C.

(2) I gcomhréir le Comhaontú Pháras, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an 11 Nollaig 2019 "An Comhaontú Glas don Eoraip" lenar gealladh go rachaidh an Coimisiún "i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid" agus go ndéanfaidh sé "an tAontas a iompú ina shochaí chothrom agus rathúil, sochaí a mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch tíosach ar acmhainní aici agus é gan glan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bith faoi 2050, agus ina mbeidh fás eacnamaíoch scartha le húsáid acmhainní"[29]. Sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena leagtar amach straitéis nua fáis, fógraítear an gá atá le tacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí ceannródaíocha maidir le cruach ghlan as a n-eascróidh próiseas déanta cruach saor ó charbón faoi 2030, agus le féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as cuid den chistiú atá faoi leachtú faoin gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Luaitear freisin sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip gur ceart "gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais a bheith ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach". I gcomhréir le "prionsabal na neamhdhíobhála", atá cumhdaithe sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas a bhaint amach, tá athbhreithniú á dhéanamh ar chuspóirí taighde an Chláir Taighde RFCS ionas nach gcumhdófar a

[27] IO C , , lch. .

[28] Conradh Iltaobhach, Caibidil XXVII An Comhshaol, 7.d Comhaontú Pháras. Arna theacht i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

[29] COM(2019) 640, lch. 2.

thuilleadh gníomhaíochtaí lena ndéantar eastóscadh, próiseáil agus úsáid neamhlaghdaithe guail a bhuanú.

(3) Tá beartas uaillmhianach maidir leis an ngníomhaíocht aeráide á shaothrú ag an Aontas agus tá creat rialála curtha i bhfeidhm aige chun a sprioc le haghaidh 2030 maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach. Go háirithe, leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1999[30] an bonn reachtach maidir le rialachas iontaofa, cuimsitheach, costéifeachtach, trédhearcach agus intuartha an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (sásra rialachais), lena n-áiritheofar go ndéanfar cuspóirí agus spriocanna 2030 agus cuspóirí agus spriocanna fadteármacha an Aontais Fuinnimh a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras 2015 maidir le hathrú aeráide.

(4) Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal "Plean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe. Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip", d'fhógair an Coimisiún go bhfuil rún aige athbhreithniú a mholadh ar Chinneadh 2008/376/CE[31] ón gComhairle, athbhreithniú darb aidhm freisin go gceadófar cistiú mórthionscadal ceannródaíoch taighde agus nuálaíochta maidir le déanamh cruach glaine, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde in earnáil an ghuail i gcomhréir le prionsabail an tSásra um Aistriú Cóir.

(5) Ina theannta sin, moltar sa tuarascáil ar an bhfaireachán agus an measúnú ar Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ("an Clár Taighde") leasú a dhéanamh ar na cuspóirí taighde maidir le gual agus cruach a leagtar amach i Ranna 3 agus 4 de Chaibidil II de Cinneadh 2008/376/CE agus tacú le taighde ceannródaíoch in earnáil na cruach agus le tionscadail shuaithinseacha in earnáil an ghuail chomh maith.

(6) Dá bhrí sin tá sé riachtanach cuspóirí an Chláir Taighde RFCS a ailíniú le comhaontuithe idirnáisiúnta, mar atá Comhaontú Pháras, agus le cuspóirí eolaíocha, teicneolaíocha agus polaitiúla an Aontais maidir le neodracht aeráide faoi 2050.

(7) Tá sé léirithe ag comhpháirtíochtaí comhchláraithe go bhfuil siad éifeachtach maidir le hacmhainní a chomhthiomsú le haghaidh comhchuspóir Eorpach taighde. Chun cuidiú le geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050, tá sé riachtanach an fhéidearthacht a leagan amach tacaíocht a sholáthar trí chomhpháirtíochtaí Eorpacha comhchláraithe, a bheidh i sineirgíocht le cláir eile agus seicheamhaithe i gcomhréir leo. D'fhéadfadh sé gurbh ionstraim fhoirfe comhpháirtíocht Eorpach maidir le hacmhainní a chomhthiomsú chun tacú le taighde ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha le haghaidh astaíochtaí CO_2 a laghdú in earnáil thionsclaíoch na cruach.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2008/376/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2008/376/CE mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

---

30 IO L 328, 21.12.2018, lch.1–77.

31 Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).

‘Soláthrófar leis an gClár Taighde tacaíocht do thaighde comhoibríoch in earnáil an ghuail agus in earnáil na cruach. Soláthrófar tacaíocht do theicneolaíochtaí ceannródaíocha maidir le cruach ghlan leis an gClár Taighde freisin, teicneolaíochtaí a mbeidh tionscadail déanta cruach beagnach saor ó charbón mar thoradh orthu, agus tionscadail taighde le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar aistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta i gcomhréir leis an Sásra um Aistriú Cóir agus i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Chinneadh 2003/76/CE ón gComhairle. Beidh an Clár Taighde comhsheasmhach le cuspóirí polaitiúla, eolaíocha agus teicneolaíocha an Aontais, agus comhlánófar leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh sna Ballstáit agus laistigh de chláir taighde an Aontais atá ann cheana, go háirithe an clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (dá ngairfear “an Clár Réime um Thaighde” anseo feasta).’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Tacú le haistriú cóir earnáil an ghuail agus na réigiún guail

1. Tacóidh tionscadail taighde leis an aistriú chuig geilleagar an Aontais a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, tionscadail lena mbainfidh mar chuspóir breoslaí iontaise a chéimniú amach, gníomhaíochtaí malartacha a fhorbairt ar iarshuíomhanna mianach agus damáiste don chomhshaol a sheachaint nó a athshlánú maidir le mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta, mianaigh ghuail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo agus na limistéir máguaird. Is éard ar a ndíreoidh tionscadail go háirithe:

(a) forbairt agus tástáil teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála dé-ocsaíde carbóin;

(b) úsáid fuinnimh geoiteirmigh ar iarshuíomhanna guail;

(c) úsáidí neamh-fhuinneamhachais agus táirgeadh amhábhar ó dhramhaíl mianadóireachta agus iarmhair ó mhianaigh ghuail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó uathu sin atá á ndúnadh, agus é a mheas go cuí maidir leis an tionchar atá acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, agus a dtionchar sláinte, go bhfuil sé íoslaghdaithe agus níos ísle ná réitigh mhalartacha;

(d) athrú cuspóra a dhéanamh maidir le hiar-mhianaigh ghuail agus ligníte agus le bonneagar a bhaineann le gual, i gcomhréir le haistriú atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(e) forbairt clár éifeachtúil athscilithe agus uas-scilithe a chur chun cinn don lucht saothair a mbeidh tionchar orthu ag céimniú amach guail. Áirítear leis sin ar oiliúint agus athoiliúint lucht saothair atá fostaithe nó a bhí fostaithe cheana in earnáil an ghuail.

2. Tabharfar aird ar leith ar cheannaireacht Eorpach a neartú maidir le bainistiú a dhéanamh ar aistriú na mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo agus ar aistriú bonneagair a bhaineann le gual trí réitigh theicneolaíocha agus neamhtheicneolaíocha, agus tacófar freisin le haistriú teicneolaíochta agus neamhtheicneolaíochta. Gníomhaíochtaí taighde a bhfuil na cuspóirí sin acu, cuirfear ar fáil leo tairbhí nithiúla aeráide agus comhshaoil i gcomhréir le cuspóir na neodrachta aeráide faoi 2050.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht

Cuirfear san áireamh sna tionscadail lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 6 saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht i mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta agus i mianaigh ghuail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo d’fhonn feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar shábháilteacht agus sláinte ceirde, agus ar shaincheisteanna comhshaoil atá dochrach don tsláinte chomh maith.

Díreofar le tionscadail taighde ar ghalair a bhaineann le gníomhaíochtaí mianadóireachta agus is é is aidhm dó sin feabhas a chur ar shláinte na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin ghuail atá á n-aistriú. Ina theannta sin áiritheofar le tionscadail taighde go mbíonn bearta cosanta ann agus mianaigh á ndúnadh agus i mianaigh a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil na mianach guail le linn a n-aistrithe

1. Le tionscadail taighde féachfar le híoslaghdú a dhéanamh ar thionchair na mianach guail atá i bpróiseas a ndúnta agus ar thionchair na mianach a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo ar an atmaisféar, ar uisce agus ar ithreacha. Díreofar taighde ar acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a athbhunú do na glúine atá le teacht agus íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na mianach guail atá i bpróiseas a ndúnta agus na mianach a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo..

2. Tabharfar tús áite do thionscadail lena mbeartaítear ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) teicneolaíochtaí nua agus feabhsaithe chun truailliú an chomhshaoil a sheachaint, lena n-áirítear sceitheadh meatáin, i mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta, i mianaigh a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo, agus sna limistéir máguaird (inter alia an t-atmaisféar, an talamh, ithreacha agus uisce);

(b) astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhosuithe guail atá i bpróiseas a ndúnta, go háirithe meatán, a ghabháil, a sheachaint agus a íoslaghdú;

(c) dramhaíl mhianadóireachta, luaith cháithníneach agus táirgí díshulfaraithe ó mhianaigh ghuail i bpróiseas a ndúnta agus ó mhianaigh a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo a bhainistiú agus a athúsáid, agus foirmeacha eile dramhaíola ina dteannta sin nuair is iomchuí;

(d) cairn dramhaíola a athchóiriú agus iarmhair thionsclaíocha ó tháirgeadh agus tomhaltas guail i réigiúin ghuail i mbun aistrithe;

(e) maoschláir a chosaint agus uisce draenála mianaigh a íonú;

(f) timpeallacht iarshuiteálacha nó suiteálacha i bpróiseas a ndúnta a bhain úsáid as gual a athshlánú, na limistéir máguaird san áireamh, go háirithe uisce, talamh, ithreacha agus an bhithéagsúlacht;

(g) bonneagar dromchla a chosaint ar éifeachtaí turnaimh sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.';

(5) Aisghairtear Airteagal 7.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'Airteagal 8

Próisis nua, inbhuanaithe agus ísealcharbóin maidir le déanamh agus bailchríochnú cruach

Díreofar le taighde agus forbairt theicneolaíoch (TFT) ar phróisis táirgthe cruach beagnach saor ó charbón a fhorbairt, a léiriú agus a fheabhsú d'fhonn cáilíocht táirgí a ardú agus táirgiúlacht a mhéadú. Cuid dhílis de na gníomhaíochtaí atá ag teastáil is ea astaíochtaí, ídiú fuinnimh, an lorg carbóin agus tionchair chomhshaoil eile a laghdú go suntasach, chomh maith le hacmhainní a chaomhnú. Tabharfar aghaidh le tionscadail taighde ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

(a) próisis agus oibríochtaí nua agus feabhsaithe beagnach saor ó charbón maidir le déanamh iarainn agus cruach, agus aird ar leith á tabhairt ar sheachaint dhíreach carbóin agus/nó ar úsáid chliste carbóin;

(b) próisis chruach agus slabhraí próiseas a optamú (lena n-áirítear déanamh iarainn agus cruach, próisis atá bunaithe ar leá fuílll athchúrsáilte, miotaleolaíocht thánaisteach, teilgean, rolladh, bailchríochnú agus/nó oibríochtaí brataithe) trí ionstraimíocht, brath airíonna táirgí idirmheánacha agus deiridh, samhaltú, rialú agus uathoibriú lena n-áirítear digitiú, cur i bhfeidhm mórshonraí, agus/nó intleacht shaorga agus aon ardteicneolaíocht eile;

(c) comhtháthú próiseas cruach agus éifeachtúlacht próiseas maidir le táirgeadh cruach beagnach saor ó charbón;

(d) cothabháil agus iontaofacht uirlisí táirgthe cruach;

(e) teicnící chun in-athchúrsáilteacht, athchúrsáil agus athúsáid cruach a mhéadú agus geilleagar ciorclach a fhorbairt;

(f) teicnící chun éifeachtúlacht fuinnimh táirgthe cruach a mhéadú trí theas diomailte a athghabháil, caillteanas fuinnimh a chosc, teicnící téimh hibrideacha agus réitigh bainistíochta fuinnimh;

(g) teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha le haghaidh na bpróiseas déanta iarainn agus cruach lena gcuirfear chun cinn gníomhaíochtaí trasearnála, tionscadail taispeána ina gcomhtháitear táirgeadh fuinnimh saor ó charbón nó a rannchuidíonn le geilleagar hidrigine glaine.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

Ardghráid cruach agus cineálacha cur i bhfeidhm

Díreofar le TFT ar na riachtanais atá ag úsáideoirí cruach a shásamh chun táirgí nua beagnach saor ó charbón a fhorbairt agus ar dheiseanna nua margaidh a chruthú agus astaíochtaí agus tionchair chomhshaoil a laghdú ag an am céanna. I gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8, tabharfar aghaidh le tionscadail taighde ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas, agus é mar chuspóir próisis táirgthe cruach beagnach saor ó charbón a chur ar fáil san Aontas:

(a) ardghráid nua cruach;

(b) feabhsú airíonna cruach mar atá airíonna meicniúla agus fisiceacha, oiriúnacht le haghaidh tuilleadh próiseála, oiriúnacht le haghaidh feidhmeanna éagsúla agus dálaí oibre éagsúla;

(c) an saol seirbhíse a fhadú, go háirithe trí chur le friotalaíocht cruach, struchtúir chruach maidir le teas agus creimeadh, tuirse mheicniúil agus theirmeach agus/nó éifeachtaí meathlaithe eile;

(d) samhlacha ionsamhlúcháin tuarthacha maidir le micreastruchtúir, airíonna meicniúla agus próisis táirgthe;

(e) teicneolaíochtaí a bhaineann le cruach agus ábhair eile a fhoirmiú, a tháthú agus a cheangal le chéile;

(f) caighdeánú modhanna tástála agus meastóireachta;

(g) cruacha ardfheidhmíochta le haghaidh feidhmeanna mar atá soghluaisteacht, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, modhanna éicidhearthóireachta, aisfheistiú, dearadh éadrom agus/nó réitigh sábháilteachta éadroma.’;

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Acmhainní a chaomhnú, an comhshaol a chosaint agus an geilleagar ciorclach

Maidir le táirgeadh cruach agus úsáid chruach, cuid dhílis den obair TFT a bheidh in acmhainní a chaomhnú, éiceachórais a chosaint, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach agus saincheisteanna sábháilteachta. Tabharfar aghaidh le tionscadail taighde ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

(a) teicnící chun cruach atá imithe i léig agus fotháirge ó fhoinsí éagsúla a athchúrsáil agus chun cur le caighdeán fuílleach cruach;

(b) cóireáil dramhaíola agus aisghabháil amhábhar tánaisteach luachmhar, lena n-áirítear slaigeanna, taobh istigh agus taobh amuigh den ghléasra cruach;

(c) rialú ar thruailliú agus an comhshaol a chosaint san áit oibre agus sa ghléasra cruach agus thart orthu: astaíochtaí gásacha, soladacha nó leachtacha, bainistiú uisce, torann, bolaithe, deannach, etc.;

(d) gráid chruach agus struchtúir chóimeáilte a dhearadh chun aisghabháil fhurasta cruach le haghaidh athchúrsála nó athúsáide a éascú;

(e) úsáid gás próisis agus díothú astaíochtaí dramhghás ó tháirgeadh cruach;

(f) ó mheasúnú saolré agus smaointeoireacht saolré go dtí táirgeadh agus úsáid cruach.';

(9) Cuirtear Airteagal 10a nua isteach:

'Airteagal 10a

Bainistiú luchta saothair agus dálaí oibre

Tabharfar aghaidh le tionscadail taighde ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

(a) inniúlachtaí a fhorbairt agus a scaipeadh chun coinneáil bord ar bhord le próisis nua táirgthe cruach atá beagnach saor ó charbón, mar atá digitiú, agus chun prionsabal na foghlama ar feadh an tsaoil a léiriú;

(b) dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear sláinte, sábháilteacht agus eirgeanamaíocht san áit oibre agus timpeall uirthi.';

(10) Cuirtear Airteagal 17a nua isteach:

'Airteagal 17a

Comhpháirtíochtaí Eorpacha

1. Féadfar cuid den Chlár Taighde a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha comhcláraithe arna mbunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in [Airteagal 8 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach].

2. Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn Comhpháirtíocht Eorpach comhcláraithe tionscnamh arna ullmhú le rannpháirtíocht luath ó na Ballstáit, ina ngeallann an tAontas, mar aon le comhpháirtithe príobháideacha agus/nó poiblí (mar atá lucht tionscail, ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, comhlachtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta nó eagraíochtaí sochaí sibhialta lena n-áirítear fondúireachtaí agus ENRanna), go dtacóidh siad go comhpháirteach le clár gníomhaíochtaí taighde a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuirtear Comhpháirtíochtaí Eorpacha comhcláraithe ar bun ar bhonn Meabhrán Tuisceana agus/nó socruithe conarthacha idir an Coimisiún agus na comhpháirtithe príobháideacha agus/nó poiblí den chineál sin lena sonraítear cuspóirí na comhpháirtíochta, gealltanais ghaolmhara maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhpháirtithe, táscairí feidhmíochta agus tionchair, agus na haschuir a sholáthrófar. Áirítear leo gníomhaíochtaí taighde comhlántacha a shainaithint a chuirfidh na comhpháirtithe agus an Clár Taighde chun feidhme.

3. Faoi chuimsiú Comhpháirtíochtaí Eorpacha comhcláraithe, féadfar cistiú a sholáthar leis an gClár Taighde do ghníomhaíochtaí atá incháilithe faoin roinn seo, san fhoirm dá bhforáiltear faoi Airteagal 30. Ina theannta sin, féadfar cistiú a sholáthar leis i bhfoirm duaiseanna.';

(11) In Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (4):

‘4. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le roghnú na dtionscadal agus leithdháileadh na gcistí.’;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39:

‘Airteagal 39

Ceapadh saineolaithe neamhspleácha agus ardcháilithe

Maidir le ceapadh saineolaithe neamhspleácha agus ardcháilithe dá dtagraítear in Airteagal 18, Airteagal 28(2) agus Airteagal 38, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Airteagal 237 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].’;

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).’;

(13) In Airteagal 41, scriostar pointí (a) agus (c).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón dáta a mbeidh feidhm ag Cinneadh 2003/76/CE nó ón 1 Eanáir 2021, cibé acu is déanaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán